

AN PÁIDRÍN PÁIRTEACH.

Islichte ar a nglúine agus abraidh a bpaidir
Teigidh ag an bhfaoisdine agus sgeithidh a bpeacadh
Moladh muid thú Íosa Críosta
In Aifreann an Domhnaigh na leigidh faillighe
Deirce ó mhór chroidhe déanaidh
Go mbeidh an Mhaighdean Ghlórmhar ar bhóithrí na bhflaitheas
Dhá dtreórú ag an bpáidrín páirteach.

Deirce ó do bheilidh agus an méid nár altuighis
'S go dtiubhainn bannaí breágh dhuit.
Go mba mhó an tslíghe Dé dhuit a bheith
Ag ól deoch ghlasraidhe
Agus ag éisteacht an Pháidrín Páirteach

Tá ceathar ón gcléir ann gléasta in aibidh
agus céir ar lasadh ar clár ann
'S go rachaidh muid go hanbhinn go ríoghacht geal na bhflaitheas
má éisteann muid an Páidrín Páirteach

11

Níl aon duine d'éistfeach sailm
Le mo bhriathra deagh-chroidhe
Nach n-iompóchaidh de léige de bhréaga agus do bhradaighil.
'S nach bhfillleadh ar an bpáidrín Páirteach.

Is cuma liom fhéin cé leagfar feasta é
In eiric nó an ngalra báis
Nó go bhfuil mo chuid feola ar thaobh na gcranna
Agus créachan Chríost le fanaidh
Go maithfidh mac dé dhúinn féin a bpeaca
Mar mhaithfidh sé de'n aithsigheach Dáithí
Is a lá breithe Dé a bheas na céadta míle ag casaoid.
Nár éisteadar an Páidrín Páirteach.